## Iarscríbhinn I

## Liosta na n-ainmneacha, na bhfoirmeacha cógaisíochta, thiúchan na dtáirgí íocshláinte tréidliachta, na speiceas ainmhithe, na mbealaí riaracháin agus na sealbhóirí údaraithe margaíochta sna Ballstáit

| Ballstát AE/LEE | Sealbhóirí údaraithe margaíochta | Ainm | INN | Tiúchan | Foirm chógaisíochta | Speiceas ainmhíoch | Bealach tabhartha |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| An Ostair | Laboratorios Calier, S.A.<br>Barcelonès, 26 (Pla del Ramassà)<br>08520 Les Franqueses del Vallès (Barcelona)<br>Spain | Zuritol 25 mg/ml Lösung zum Eingeben über das Trinkwasser für Hühner | Toltrazuril | 25 mg/ml | Tuaslagán le húsáid in uisce óil | Sicín (puiléid, póraitheoirí) | Úsáid bhéil |
| An Ostair | Bayer Animal Health<br>51368 Leverkusen,<br>Germany | Baycox Direct<br>25 mg/ml Lösung zum Eingeben über das Trinkwasser für Hühner und Puten | Toltrazuril | 25 mg/ml | Tuaslagán le húsáid in uisce óil | Sicín, turcaí | Úsáid bhéil |
| An Bheilg | Bayer Animal Health<br>51368 Leverkusen,<br>Germany | Baycox 25mg/ml,<br>solution pour administration dans l'eau de boisson pour poulets et dindes / oplossing voor gebruik in drinkwater voor kippen en kalkoenen<br>toltrazuril / Lösung zum Eingeben über das Trinkwasser für Hühner und Puten | Toltrazuril | 25 mg/ml | Tuaslagán le húsáid in uisce óil | Sicín, turcaí | Úsáid bhéil |

| **Ballstát AE/LEE** | **Sealbhóirí údaraithe margaíochta** | **Ainm** | **INN** | **Tiúchan** | **Foirm chógaisíochta** | **Speiceas ainmhíoch** | **Bealach tabhartha** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| An Bheilg | Bayer Animal Health<br>51368 Leverkusen,<br>Germany | Baycox 2,5%<br>25 mg/ml, solution buvable / drank / Lösung zum Einnehmen | Toltrazuril | 25 mg/ml | Tuaslagán béil | Sicín, turcaí | Úsáid bhéil |
| An Bheilg | Avimedical B.V.<br>Abbinkdijk 1,<br>7255 LX Hengelo Gld<br>The Netherlands | Coccinox | Toltrazuril | 25 mg/ml | Tuaslagán le húsáid in uisce óil | Sicín, turcaí | Úsáid bhéil |
| An Bheilg | Dopharma Research B.V.<br>Zalmweg 24<br>4941 VX Raamsdonksveer<br>The Netherlands | Dozuril | Toltrazuril | 25 mg/ml | Tuaslagán le húsáid in uisce óil | Sicín, turcaí | Úsáid bhéil |
| An Bhulgáir | Pharma Vet Ltd<br>Shumen, ul. "Otec Paisij" № 40,<br>Bulgaria | Фармакокс разтвор<br>Pharmacox liquid | Toltrazuril | 2.5 g/ 100 ml | Tuaslagán béil | Sicín, turcaí | Úsáid bhéil |
| An Bhulgáir | Interchemie Werken De Adelaar BV<br>Metaalweg 8,<br>5804 CG Venray,<br>The Netherlands | Intracox oral | Toltrazuril | 25 mg/ml | Tuaslagán béil | Sicín, turcaí | Úsáid bhéil |
| An Bhulgáir | Kepro B.V.<br>Maagdenburgstraat 17,<br>7421 ZA Deventer<br>The Netherlands | Кепкокс 2.5% орал /Керсох 2.5% oral | Toltrazuril | 25 mg/ml | Tuaslagán béil | Sicín, turcaí | Úsáid bhéil |

| **Ballstát AE/LEE** | **Sealbhóirí údaraithe margaíochta** | **Ainm** | **INN** | **Tiúchan** | **Foirm chógaisíochta** | **Speiceas ainmhíoch** | **Bealach tabhartha** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| An Bhulgáir | Ceva Santé Animale<br>10, Av. de La Ballastière<br>33500 Libourne<br>France | Севазурил/Cevazuril | Toltrazuril | 25 mg/ml | Tuaslagán béil | Sicíní grísce, tuismithe oirí sicíní atá ag fás, geal, turcaithe | Úsáid bhéil |
| An Bhulgáir | Bayer Animal Health<br>51368 Leverkusen,<br>Germany | Байкокс 2,5% разтвор/Baycox 2,5% solution | Toltrazuril | 25 mg/ml | Tuaslagán béil | Sicín, turcaí | Úsáid bhéil |
| An Bhulgáir | Dopharma Research B.V.<br>Zalmweg 24<br>4941 VX Raamsdonksveer<br>The Netherlands | Dozuril 25 mg/ml разтвор за перорална употреба с питейната вода при пилета / Dozuril 25 mg/ml solution for use in drinking water for chicken | Toltrazuril | 25 mg/ml | Tuaslagán le húsáid in uisce óil | Sicín (puiléid, póraitheoirí) | Úsáid bhéil |
| An Chróit | Bayer Animal Health<br>51368 Leverkusen,<br>Germany | Baycox 25 mg/ml, otopina za primjenu u vodi za piće, za kokoši i purane | Toltrazuril | 25 mg/ml | Tuaslagán le húsáid in uisce óil | Sicín, turcaí | Úsáid bhéil |

| **Ballstát AE/LEE** | **Sealbhóirí údaraithe margaíochta** | **Ainm** | **INN** | **Tiúchan** | **Foirm chógaisíochta** | **Speiceas ainmhíoch** | **Bealach tabhartha** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| An Chipir | Bayer Animal Health<br>51368 Leverkusen,<br>Germany | Baycox 2,5% w/v<br>Πόσιμο διάλυμα για ορνίθια κρεοπαραγωγής και ινδορνίθια. | Toltrazuril | 25 mg/ml | Tuaslagán béil | Sicín grísce, turcaí | Úsáid bhéil |
| An tSeicia | Bayer Animal Health<br>51368 Leverkusen,<br>Germany | Baycox 2,5% (w/v) perorální roztok | Toltrazuril | 25 mg/ml | Tuaslagán le húsáid in uisce óil | Sicín (sicín grísce), turcaí | Úsáid bhéil |
| An Danmhairg | Dopharma Research B.V.<br>Zalmweg 24<br>4941 VX Raamsdonksveer<br>The Netherlands | Dozuril | Toltrazuril | 25 mg/ml | Tuaslagán le húsáid in uisce óil | Sicín (puiléid, póraitheoirí) | Úsáid bhéil |
| An Eastóin | Dopharma Research B.V.<br>Zalmweg 24<br>4941 VX Raamsdonksveer<br>The Netherlands | Dozuril | Toltrazuril | 25 mg/ml | Tuaslagán le húsáid in uisce óil | Sicín (puiléid, póraitheoirí) | Úsáid bhéil |
| An Eastóin | Interchemie Werken De Adelaar Eesti AS<br>Vanapere tee 14, Puunsi Village, Viimsi Rural Municipality, Harju County, 74013<br>Estonia | Intracox Oral | Toltrazuril | 25 mg/ml | Tuaslagán le húsáid in uisce óil | Sicín (sicíní grísce, puiléid, póraitheoirí), turcaí | Úsáid bhéil |

| **Ballstát AE/LEE** | **Sealbhóirí údaraithe margaíochta** | **Ainm** | **INN** | **Tiúchan** | **Foirm chógaisíochta** | **Speiceas ainmhíoch** | **Bealach tabhartha** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| An Eastóin | Laboratorios Calier, S.A.<br>Barcelonès, 26 (Pla del Ramassà)<br>08520 Les Franqueses del Vallès (Barcelona)<br>Spain | Zuritol | Toltrazuril | 25 mg/ml | Tuaslagán le húsáid in uisce óil | Sicín (puiléid, póraitheoirí) | Úsáid bhéil |
| An Fhrainc | Ceva Santé Animale<br>10, Av. de La Ballastière<br>33500 Libourne<br>France | Cevazuril 25 mg/ml solution buvable pour poulets de chair, poulettes et reproducteurs | Toltrazuril | 25 mg/ml | Tuaslagán béil | Sicín (sicíní grísce, puiléid, póraitheoirí) | Úsáid bhéil |
| An Fhrainc | Virbac<br>1ere avenue, 2065 m, LID,<br>06516 Carros,<br>France | Toltracox 2,5% | Toltrazuril | 25 mg/ml | Tuaslagán béil | Sicín (sicíní grísce, puiléid, póraitheoirí) | Úsáid bhéil |
| An Fhrainc | Laboratorios Calier, S.A.<br>Barcelonès, 26 (Pla del Ramassà)<br>08520 Les Franqueses del Vallès (Barcelona)<br>Spain | Zuritol 25 mg/ml solution buvable pour poulets | Toltrazuril | 25 mg/ml | Tuaslagán le húsáid in uisce óil | Sicín (puiléid, póraitheoirí) | Úsáid bhéil |

| **Ballstát AE/LEE** | **Sealbhóirí údaraithe margaíochta** | **Ainm** | **INN** | **Tiúchan** | **Foirm chógaisíochta** | **Speiceas ainmhíoch** | **Bealach tabhartha** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| An Fhrainc | VetPharma Animal Health S.L.<br>Les Corts 23,<br>08028 Barcelona,<br>Spain | Zorabel 25 mg/ml solution pour administration dans l'eau de boisson pour poulets et dindes | Toltrazuril | 25 mg/ml | Tuaslagán le húsáid in uisce óil | Sicín (puiléid, póraitheoirí), turcaí | Úsáid bhéil |
| An Fhrainc | Elanco GmbH<br>Heinz-Lohmann-Straße 4<br>27472 Cuxhaven<br>Germany | Baycox 25 mg/ml solution pour administration dans l'eau de boisson des poules et des dindes | Toltrazuril | 25 mg/ml | Tuaslagán le húsáid in uisce óil | Sicín (sicíní grísce, puiléid, póraitheoirí), turcaí | Úsáid bhéil |
| An Fhrainc | Avimedical B.V.<br>Abbinkdijk 1,<br>7255 LX Hengelo Gld<br>The Netherlands | Coccinox 25 mg/ml solution orale pour administration dans l'eau de boisson pour poulets et dindes | Toltrazuril | 25 mg/ml | Tuaslagán le húsáid in uisce óil | Sicín (sicíní grísce, puiléid, póraitheoirí), turcaí, colúr | Úsáid bhéil |
| An Fhrainc | Dopharma Research B.V.<br>Zalmweg 24<br>4941 VX Raamsdonksveer<br>The Netherlands | Cozuril CT 25 mg/ml solution pour administration dans l'eau de boisson pour poulets et dindes | Toltrazuril | 25 mg/ml | Tuaslagán le húsáid in uisce óil | Sicín (puiléid, póraitheoirí), turcaí | Úsáid bhéil |

| **Ballstát AE/LEE** | **Sealbhóirí údaraithe margaíochta** | **Ainm** | **INN** | **Tiúchan** | **Foirm chógaisíochta** | **Speiceas ainmhíoch** | **Bealach tabhartha** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| An Ghearmáin | VetPharma Animal Health S.L.<br>Les Corts 23,<br>08028 Barcelona,<br>Spain | Zorabel 25 mg/ml Lösung zum Eingeben über das Trinkwasser für Hühner und Puten | Toltrazuril | 25 mg/ml | Tuaslagán le húsáid in uisce óil | Sicín, turcaí | Úsáid bhéil |
| An Ghearmáin | Dopharma Research B.V.<br>Zalmweg 24<br>4941 VX Raamsdonksveer<br>The Netherlands | Dozuril CT | Toltrazuril | 25 mg/ml | Tuaslagán le húsáid in uisce óil | Sicín (puiléid, póraitheoirí), turcaí | Úsáid bhéil |
| An Ghearmáin | Laboratorios Calier, S.A.<br>Barcelonès, 26 (Pla del Ramassà)<br>08520 Les Franqueses del Vallès (Barcelona)<br>Spain | Zuritol 25 mg/ml Lösung zum Eingeben über das Trinkwasser | Toltrazuril | 25 mg/ml | Tuaslagán le húsáid in uisce óil | Sicín (puiléid, póraitheoirí) | Úsáid bhéil |
| An Ghearmáin | Elanco GmbH<br>Heinz-Lohmann-Straße 4<br>27472 Cuxhaven<br>Germany | Baycox 25 mg/ml, Lösung zum Eingeben über das Trinkwasser für Hühner und Puten | Toltrazuril | 25 mg/ml | Tuaslagán le húsáid in uisce óil | Sicín, turcaí | Úsáid bhéil |
| An Ghearmáin | Laboratorios Karizoo, S.A.<br>Mas Pujades, 11-12, Pol. Ind. La Borda, Caldes de Montbui,<br>08140 Barcelona<br>Spain | Toltra-K 25 mg/ml Lösung zum Eingeben über das Trinkwasser für Hühner und Puten | Toltrazuril | 25 mg/ml | Tuaslagán le húsáid in uisce óil | Sicín, turcaí | Úsáid bhéil |

| Ballstát AE/LEE | Sealbhóirí údaraithe margaíochta | Ainm | INN | Tiúchan | Foirm chógaisíochta | Speiceas ainmhíoch | Bealach tabhartha |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| An Ghearmáin | Bremer Pharma GmbH,<br>Werkstr. 42,<br>D-34414 Warburg, Scherfede,<br>Germany | Bremacox 25 mg/ml Lösung zum Eingeben über das Trinkwasser für Hühner und Puten | Toltrazuril | 25 mg/ml | Tuaslagán le húsáid in uisce óil | Sicín (puiléid, póraitheoirí), turcaí | Úsáid bhéil |
| An Ghearmáin | Dopharma Research B.V.<br>Zalmweg 24<br>4941 VX Raamsdonksveer<br>The Netherlands | Dozuril 25 mg/ml Lösung zum Eingeben über das Trinkwasser für Hühner | Toltrazuril | 25 mg/ml | Tuaslagán le húsáid in uisce óil | Sicín (puiléid, póraitheoirí) | Úsáid bhéil |
| An Ghréig | Bayer Animal Health<br>51368 Leverkusen,<br>Germany | Baycox 2,5% | Toltrazuril | 25 mg/ml | Tuaslagán béil | Sicín grísce, turcaí | Úsáid bhéil |
| An Ghréig | Dopharma Research B.V.<br>Zalmweg 24<br>4941 VX Raamsdonksveer<br>The Netherlands | Dozuril | Toltrazuril | 25 mg/ml | Tuaslagán le húsáid in uisce óil | Sicín (puiléid, póraitheoirí) | Úsáid bhéil |
| An Ghréig | VetPharma Animal Health S.L.<br>Les Corts 23,<br>08028 Barcelona,<br>Spain | Zorabel | Toltrazuril | 25 mg/ml | Tuaslagán le húsáid in uisce óil | Sicín (puiléid, póraitheoirí), turcaí | Úsáid bhéil |

| **Ballstát AE/LEE** | **Sealbhóirí údaraithe margaíochta** | **Ainm** | **INN** | **Tiúchan** | **Foirm chógaisíochta** | **Speiceas ainmhíoch** | **Bealach tabhartha** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| An Ghréig | Laboratorios Calier, S.A.<br>Barcelonès, 26 (Pla del Ramassà)<br>08520 Les Franqueses del Vallès (Barcelona)<br>Spain | Zuritol, Διάλυμα για χορήγηση με πόσιμο νερό 25 mg/ml | Toltrazuril | 25 mg/ml | Tuaslagán le húsáid in uisce óil | Sicín (puiléid, póraitheoirí) | Úsáid bhéil |
| An Ungáir | Bayer Animal Health<br>51368 Leverkusen, Germany | Baycox 2,5% koncentrátum belsőleges oldathoz A.U.V. | Toltrazuril | 25 mg/ml | Tuaslagán le húsáid in uisce óil | Sicín, turcaí | Úsáid bhéil |
| An Ungáir | Dopharma Research B.V.<br>Zalmweg 24<br>4941 VX Raamsdonksveer<br>The Netherlands | Dozuril 25 mg/ml, oldat ivóvízbe keveréshez házityúkoknak A.U.V. | Toltrazuril | 25 mg/ml | Tuaslagán le húsáid in uisce óil | Sicín (puiléid, póraitheoirí) | Úsáid bhéil |
| An Ungáir | Laboratorios Calier, S.A.<br>Barcelonès, 26 (Pla del Ramassà)<br>08520 Les Franqueses del Vallès (Barcelona)<br>Spain | Zuritol 25 mg/ml oldat ivóvízbe keveréshez házityúkok részére A.U.V. | Toltrazuril | 25 mg/ml | Tuaslagán le húsáid in uisce óil | Sicín (puiléid, póraitheoirí) | Úsáid bhéil |
| An Ungáir | Laboratorios Karizoo, S.A.<br>Mas Pujades, 11-12, Pol. Ind. La Borda, Caldes de Montbui, 08140 Barcelona<br>Spain | Toltra-K 25 mg/ml oldat ivóvízbe keveréshez házityúkok és pulykák számára A.U.V. | Toltrazuril | 25 mg/ml | Tuaslagán le húsáid in uisce óil | Sicín, turcaí | Úsáid bhéil |

| Ballstát AE/LEE | Sealbhóirí údaraithe margaíochta | Ainm | INN | Tiúchan | Foirm chógaisíochta | Speiceas ainmhíoch | Bealach tabhartha |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Éire | Elanco GmbH<br>Heinz-Lohmann-Straße 4<br>27472 Cuxhaven<br>Germany | Baycox 25 mg/ml, solution for use in drinking water for chickens and turkeys | Toltrazuril | 25 mg/ml | Tuaslagán le húsáid in uisce óil | Sicín (sicíní grísce, puiléid, póraitheoirí), turcaí | Úsáid bhéil |
| Éire | Dopharma Research B.V.<br>Zalmweg 24<br>4941 VX Raamsdonksveer<br>The Netherlands | Dozuril 25 mg/ml solution for use in drinking water for chickens | Toltrazuril | 25 mg/ml | Tuaslagán le húsáid in uisce óil | Sicín (puiléid, póraitheoirí) | Úsáid bhéil |
| Éire | Laboratorios Calier, S.A.<br>Barcelonès, 26 (Pla del Ramassà)<br>08520 Les Franqueses del Vallès (Barcelona)<br>Spain | Zuritol 25 mg/ml solution for use in drinking water for chickens | Toltrazuril | 25 mg/ml | Tuaslagán le húsáid in uisce óil | Sicín (puiléid, póraitheoirí) | Úsáid bhéil |
| An Iodáil | Elanco Italia S.p.A<br>Via dei Colatori, 12<br>50019 Sesto Fiorentino (FI)<br>Italy | Baycox PT 25 mg/ml soluzione per uso in acqua di bevanda per polli da carne e tacchini | Toltrazuril | 25 mg/ml | Tuaslagán le húsáid in uisce óil | Sicín (sicíní grísce, puiléid, póraitheoirí), turcaí | Úsáid bhéil |
| An Iodáil | Elanco Italia S.p.A<br>Via dei Colatori, 12<br>50019 Sesto Fiorentino (FI)<br>Italy | Baycox Soluzione orale 25 mg/ml per polli da carne e tacchini | Toltrazuril | 25 mg/ml | Tuaslagán béil | Sicín grísce, turcaí | Úsáid bhéil |

| Ballstát AE/LEE | Sealbhóirí údaraithe margaíochta | Ainm | INN | Tiúchan | Foirm chógaisíochta | Speiceas ainmhíoch | Bealach tabhartha |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| An Iodáil | Ceva Salute Animale S.p.A.<br>Viale Colleoni 15<br>20864 Agrate Brianza (MB)<br>Italy | Cevazuril, 25 mg/ml, soluzione orale, per polli da carne e tacchini, da somministrare diluita in acqua da bere. | Toltrazuril | 25 mg/ml | Tuaslagán béil | Sicín grísce, turcaí | Úsáid bhéil |
| An Iodáil | Dopharma Research B.V.<br>Zalmweg 24<br>4941 VX Raamsdonksveer<br>The Netherlands | Dozuril CT 25 mg/ml, soluzione per l'uso in acqua da bere per polli e tacchini | Toltrazuril | 25 mg/ml | Tuaslagán le húsáid in uisce óil | Sicín (puiléid, póraitheoirí), turcaí | Úsáid bhéil |
| An Iodáil | Laboratorios Karizoo, S.A.<br>Mas Pujades, 11-12, Pol. Ind.<br>La Borda, Caldes de Montbui,<br>08140 Barcelona<br>Spain | Toltra-K-25 Soluzione da usare nell'acqua di bevanda per polli e tacchini | Toltrazuril | 25 mg/ml | Tuaslagán le húsáid in uisce óil | Sicín (puiléid, póraitheoirí), turcaí | Úsáid bhéil |
| An Iodáil | Industria Italiana Integratori Trei S.p.A.<br>Viale Corassori, 62<br>41100 Modena<br>Italy | Treizuril, 25 mg/ml, soluzione orale per polli da carne e tacchini | Toltrazuril | 25 mg/ml | Tuaslagán béil | Sicín grísce, turcaí | Úsáid bhéil |
| An Iodáil | Laboratorios Calier, S.A.<br>Barcelonès, 26 (Pla del Ramassà)<br>08520 Les Franqueses del Vallès (Barcelona)<br>Spain | Zuritol 25 mg/ml soluzione per uso in acqua da bere per polli | Toltrazuril | 25 mg/ml | Tuaslagán le húsáid in uisce óil | Sicín (puiléid, póraitheoirí) | Úsáid bhéil |

| **Ballstát AE/LEE** | **Sealbhóirí údaraithe margaíochta** | **Ainm** | **INN** | **Tiúchan** | **Foirm chógaisíochta** | **Speiceas ainmhíoch** | **Bealach tabhartha** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| An Laitvia | Interchemie Werken De Adelaar Eesti AS<br>Vanapere tee 14, Puunsi Village, Viimsi Rural Municipality, Harju County, 74013<br>Estonia | LV Intracox Oral 25 mg/ml šķīdums iekšķīgai lietošanai tītariem un vistām | Toltrazuril | 25 mg/ml | Tuaslagán béil | Sicín, turcaí | Úsáid bhéil |
| An Laitvia | Dopharma Research B.V.<br>Zalmweg 24<br>4941 VX Raamsdonksveer<br>The Netherlands | Dozuril 25 mg/ml šķīdums lietošanai ar dzeramo ūdeni vistām | Toltrazuril | 25 mg/ml | Tuaslagán le húsáid in uisce óil | Sicín (puiléid, póraitheoirí) | Úsáid bhéil |
| An Laitvia | Laboratorios Calier, S.A.<br>Barcelonès, 26 (Pla del Ramassà)<br>08520 Les Franqueses del Vallès (Barcelona)<br>Spain | Zuritol 25 mg/ml šķīdums lietošanai ar dzeramo ūdeni vistām | Toltrazuril | 25 mg/ml | Tuaslagán le húsáid in uisce óil | Sicín (puiléid, póraitheoirí) | Úsáid bhéil |
| An Liotuáin | Dopharma Research B.V.<br>Zalmweg 24<br>4941 VX Raamsdonksveer<br>The Netherlands | Dozuril 25 mg/ml, tirpalas naudoti su geriamuoju vandeniu vištoms | Toltrazuril | 25 mg/ml | Tuaslagán le húsáid in uisce óil | Sicín (puiléid, póraitheoirí) | Úsáid bhéil |
| An Liotuáin | Laboratorios Calier, S.A.<br>Barcelonès, 26 (Pla del Ramassà)<br>08520 Les Franqueses del Vallès (Barcelona)<br>Spain | Zuritol 25 mg/ml, tirpalas, naudoti su geriamuoju vandeniu vištoms | Toltrazuril | 25 mg/ml | Tuaslagán le húsáid in uisce óil | Sicín (puiléid, póraitheoirí) | Úsáid bhéil |

| Ballstát AE/LEE | Sealbhóirí údaraithe margaíochta | Ainm | INN | Tiúchan | Foirm chógaisíochta | Speiceas ainmhíoc h | Bealach tabhartha |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| An Liotuáin | UAB Interchemie werken De Adelaar LT,<br>Terminalo str. 13, Biruliškes,<br>54469, Kaunas distr.<br>Lithuania | Intracox oral,<br>25 mg/ml tirpalas naudoti su ger. vandeniu vištoms ir kalakutams | Toltrazuril | 25 mg/ml | Tuaslagán béil | Sicín (sicín grísce), turcaí | Úsáid bhéil |
| Lucsamburg | Bayer Animal Health<br>51368 Leverkusen,<br>Germany | Baycox 25 mg/m, solution pour administration dans l'eau de boisson pour poulets et dindes / Lösung zum Eingeben über das Trinkwasser für Hühner und Puten | Toltrazuril | 25 mg/ml | Tuaslagán le húsáid in uisce óil | Sicín, turcaí | Úsáid bhéil |
| Lucsamburg | Bayer Animal Health<br>51368 Leverkusen,<br>Germany | Baycox 2,5%<br>25 mg/ml, solution buvable / Lösung zum Einnehmen | Toltrazuril | 25 mg/ml | Tuaslagán béil | Sicín, turcaí | Úsáid bhéil |
| Lucsamburg | Avimedical B.V.<br>Abbinkdijk 1,<br>7255 LX Hengelo Gld<br>The Netherlands | Coccinox | Toltrazuril | 25 mg/ml | Tuaslagán le húsáid in uisce óil | Sicín, turcaí | Úsáid bhéil |
| Lucsamburg | Dopharma Research B.V.<br>Zalmweg 24<br>4941 VX Raamsdonksveer<br>The Netherlands | Dozuril | Toltrazuril | 25 mg/ml | Tuaslagán le húsáid in uisce óil | Sicín, turcaí | Úsáid bhéil |

| **Ballstát AE/LEE** | **Sealbhóirí údaraithe margaíochta** | **Ainm** | **INN** | **Tiúchan** | **Foirm chógaisíochta** | **Speiceas ainmhíoch** | **Bealach tabhartha** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Málta | Kepro B.V.<br>Maagdenburgstraat 17,<br>7421 ZA Deventer<br>The Netherlands | Kepcox 2.5% | Toltrazuril | 25 mg/ml | Tuaslagán béil | Sicín (puiléid, póraitheoirí), turcaí | Úsáid bhéil |
| An Ísiltír | Bayer Animal Health<br>51368 Leverkusen,<br>Germany | Baycox 25 mg/ml, oplossing voor gebruik in drinkwater voor kippen en kalkoenen | Toltrazuril | 25 mg/ml | Tuaslagán le húsáid in uisce óil | Sicín (sicíní grísce, puiléid, póraitheoirí), turcaí | Úsáid bhéil |
| An Ísiltír | Avimedical B.V.<br>Abbinkdijk 1,<br>7255 LX Hengelo Gld<br>The Netherlands | Coccinox 25 mg/ml orale oplossing voor gebruik in drinkwater voor kippen, kalkoenen, duiven en konijnen | Toltrazuril | 25 mg/ml | Tuaslagán le húsáid in uisce óil | Sicín (sicíní grísce, puiléid, póraitheoirí), turcaí, colúr | Úsáid bhéil |
| An Ísiltír | Dopharma Research B.V.<br>Zalmweg 24<br>4941 VX Raamsdonksveer<br>The Netherlands | Dozuril CT 25 mg/ml oplossing voor toediening in drinkwater voor kippen en kalkoenen | Toltrazuril | 25 mg/ml | Tuaslagán le húsáid in uisce óil | Sicín (puiléid, póraitheoirí), turcaí | Úsáid bhéil |

| Ballstát AE/LEE | Sealbhóirí údaraithe margaíochta | Ainm | INN | Tiúchan | Foirm chógaisíochta | Speiceas ainmhíoch | Bealach tabhartha |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| An Ísiltír | Pantex Holland B.V.<br>Smaragdweg 15<br>5525 LA Hapert<br>The Netherlands | Toltrapan 25 mg/ml, oplossing voor gebruik in drinkwater voor kippen en kalkoenen | Toltrazuril | 25 mg/ml | Tuaslagán le húsáid in uisce óil | Sicín (sicíní grísce, puiléid, póraitheoirí), turcaí | Úsáid bhéil |
| An Ísiltír | Dopharma Research B.V.<br>Zalmweg 24<br>4941 VX Raamsdonksveer<br>The Netherlands | Dozuril 25 mg/ml oplossing voor toediening in drinkwater voor kippen | Toltrazuril | 25 mg/ml | Tuaslagán le húsáid in uisce óil | Sicín (puiléid, póraitheoirí) | Úsáid bhéil |
| An Pholainn | Bayer Animal Health<br>51368 Leverkusen,<br>Germany | Baycox 2,5%, (2,5 g/100 ml, roztwór doustny dla kur i indyków) | Toltrazuril | 2.5 g/ 100 ml | Tuaslagán béil | Sicín (puiléid), turcaí | Úsáid bhéil |
| An Pholainn | Dopharma Research B.V.<br>Zalmweg 24<br>4941 VX Raamsdonksveer<br>The Netherlands | Dozuril | Toltrazuril | 25 mg/ml | Tuaslagán le húsáid in uisce óil | Sicín (puiléid, póraitheoirí) | Úsáid bhéil |
| An Pholainn | Dopharma Research B.V.<br>Zalmweg 24<br>4941 VX Raamsdonksveer<br>The Netherlands | Dozuril CT | Toltrazuril | 25 mg/ml | Tuaslagán le húsáid in uisce óil | Sicín (sicíní grísce, puiléid, póraitheoirí), turcaí | Úsáid bhéil |

| **Ballstát AE/LEE** | **Sealbhóirí údaraithe margaíochta** | **Ainm** | **INN** | **Tiúchan** | **Foirm chógaisíochta** | **Speiceas ainmhíoch** | **Bealach tabhartha** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| An Pholainn | Biofaktor Sp. z o. o.<br>Czysta 4 st., 96-100<br>Skierniewice,<br>Poland | Endocox | Toltrazuril | 25 mg/ml | Tuaslagán le húsáid in uisce óil | Sicín, turcaí | Úsáid bhéil |
| An Pholainn | Lovapharm Consulting B.V.<br>Rijsven 3<br>5645 KH Eindhoven<br>The Netherlands | Lovacox oral | Toltrazuril | 25 mg/ml | Tuaslagán le húsáid in uisce óil | Sicín (sicíní grísce, puiléid, póraitheoirí), turcaí | Úsáid bhéil |
| An Pholainn | Laboratorios Karizoo, S.A.<br>Mas Pujades, 11-12, Pol. Ind.<br>La Borda, Caldes de Montbui,<br>08140 Barcelona<br>Spain | Toltra-K | Toltrazuril | 25 mg/ml | Tuaslagán le húsáid in uisce óil | Sicín (puiléid, póraitheoirí), turcaí | Úsáid bhéil |
| An Pholainn | VetPharma Animal Health S.L.<br>Les Corts 23,<br>08028 Barcelona,<br>Spain | Zorabel | Toltrazuril | 25 mg/ml | Tuaslagán le húsáid in uisce óil | Sicín (puiléid, póraitheoirí), turcaí | Úsáid bhéil |
| An Pholainn | Laboratorios Calier, S.A.<br>Barcelonès, 26 (Pla del Ramassà)<br>08520 Les Franqueses del Vallès (Barcelona)<br>Spain | Zuritol | Toltrazuril | 25 mg/ml | Tuaslagán le húsáid in uisce óil | Sicín (puiléid, póraitheoirí) | Úsáid bhéil |

| **Ballstát AE/LEE** | **Sealbhóirí údaraithe margaíochta** | **Ainm** | **INN** | **Tiúchan** | **Foirm chógaisíochta** | **Speiceas ainmhíoch** | **Bealach tabhartha** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| An Phortaingéil | Bayer Animal Health<br>51368 Leverkusen,<br>Germany | Baycox 25 mg/ml, solução para administração na água de bebida para galinhas e perus | Toltrazuril | 25 mg/ml | Tuaslagán le húsáid in uisce óil | Sicín, turcaí | Úsáid bhéil |
| An Phortaingéil | VetPharma Animal Health S.L.<br>Les Corts 23,<br>08028 Barcelona,<br>Spain | Zorabel 25 mg/ml solução para administração na água de bebida para galinhas e perus | Toltrazuril | 25 mg/ml | Tuaslagán le húsáid in uisce óil | Sicín, turcaí | Úsáid bhéil |
| An Phortaingéil | Laboratorios Karizoo, S.A.<br>Mas Pujades, 11-12, Pol. Ind.<br>La Borda, Caldes de Montbui,<br>08140 Barcelona<br>Spain | Toltra-K 25 mg/ml solução para administração na água de bebida para galinhas e perus | Toltrazuril | 25 mg/ml | Tuaslagán le húsáid in uisce óil | Sicín, turcaí | Úsáid bhéil |
| An Phortaingéil | Calier Portugal, S.A.<br>Centro Empresarial Sintra-Estoril II, Ed. C, R. Pé de Mouro<br>Estrada de Albarraque 2710 - 335 Sintra<br>Portugal | Zuritol 25 mg/ml solução para administração na água de bebida para galinhas | Toltrazuril | 25 mg/ml | Tuaslagán le húsáid in uisce óil | Sicín (puiléid, póraitheoirí) | Úsáid bhéil |

| Ballstát AE/LEE | Sealbhóirí údaraithe margaíochta | Ainm | INN | Tiúchan | Foirm chógaisíochta | Speiceas ainmhíoch | Bealach tabhartha |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| An Rómáin | Ceva Santé Animale<br>10, Av. de La Ballastière<br>33500 Libourne<br>France | Cevazuril | Toltrazuril | 25 mg/ml | Tuaslagán béil | Sicíní grísce, éin ionaid, puiléid, turcaithe | Úsáid bhéil |
| An Rómáin | Dopharma Research B.V.<br>Zalmweg 24<br>4941 VX Raamsdonksveer<br>The Netherlands | Dozuril 25 mg/ml | Toltrazuril | 25 mg/ml | Tuaslagán le húsáid in uisce óil | Sicín (puiléid, póraitheoirí) | Úsáid bhéil |
| An Rómáin | Bayer Animal Health<br>51368 Leverkusen,<br>Germany | Baycox | Toltrazuril | 25 mg/ml | Tuaslagán béil | Sicín, turcaí | Úsáid bhéil |
| Poblacht na Slóvaice | Bayer Animal Health<br>51368 Leverkusen,<br>Germany | Baycox 2,5% (w/v) perorálny roztok | Toltrazuril | 25 mg/ml | Tuaslagán béil | Sicín, turcaí | Úsáid bhéil |
| An tSlóivéin | Bayer Animal Health<br>51368 Leverkusen,<br>Germany | Baycox 25 mg/ml peroralna raztopina za piščance in purane | Toltrazuril | 25 mg/ml | Tuaslagán béil | Sicín, turcaí | Úsáid bhéil |
| An Spáinn | Bayer Animal Health<br>51368 Leverkusen,<br>Germany | Baycox 25 mg/ml solución para administración en agua de bebida para aves | Toltrazuril | 25 mg/ml | Tuaslagán le húsáid in uisce óil | Sicíní (sicíní grísce, sicín ionaid), turcaí | Úsáid bhéil |

| Ballstát AE/LEE | Sealbhóirí údaraithe margaíochta | Ainm | INN | Tiúchan | Foirm chógaisíochta | Speiceas ainmhíoch | Bealach tabhartha |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| An Spáinn | Laboratorios Karizoo, S.A.<br>Mas Pujades, 11-12, Pol. Ind.<br>La Borda, Caldes de Montbui,<br>08140 Barcelona<br>Spain | Toltra-K 25 mg/ml solución para administración en agua de bebida para pollos y pavos | Toltrazuril | 25 mg/ml | Tuaslagán le húsáid in uisce óil | Sicín (puiléid, póraitheoirí), turcaí | Úsáid bhéil |
| An Spáinn | VetPharma Animal Health S.L.<br>Les Corts 23,<br>08028 Barcelona,<br>Spain | Zorabel 25 mg/ml solucion para administracion en agua de bebida para pollos y pavos | Toltrazuril | 25 mg/ml | Tuaslagán le húsáid in uisce óil | Sicín (puiléid, póraitheoirí), turcaí | Úsáid bhéil |
| An Spáinn | Laboratorios Calier, S.A.<br>Barcelonès, 26 (Pla del Ramassà)<br>08520 Les Franqueses del Vallès (Barcelona)<br>Spain | Zuritol 25 mg/ml solucion para uso en agua de bebida para pollos | Toltrazuril | 25 mg/ml | Tuaslagán le húsáid in uisce óil | Sicín (puiléid, póraitheoirí) | Úsáid bhéil |
| RA (Tuaisceart Éireann)[1] | Elanco Europe Ltd,<br>Form 2, Bartley Way, Bartley Wood Business Park, Hook,<br>RG 27 9XA,<br>United Kingdom | Baycox 25 mg/ml, solution for use in drinking water for chickens and turkeys | Toltrazuril | 25 mg/ml | Tuaslagán le húsáid in uisce óil | Sicín, turcaí | Úsáid bhéil |
| RA (Tuaisceart Éireann)[1] | Laboratorios Karizoo, S.A.<br>Mas Pujades, 11-12, Pol. Ind.<br>La Borda, Caldes de Montbui,<br>08140 Barcelona<br>Spain | Toltra-K 25 mg/ml solution for use in drinking water for chickens and turkeys | Toltrazuril | 25 mg/ml | Tuaslagán le húsáid in uisce óil | Sicín, turcaí | Úsáid bhéil |

| Ballstát AE/LEE | Sealbhóirí údaraithe margaíochta | Ainm | INN | Tiúchan | Foirm chógaisíochta | Speiceas ainmhíoc h | Bealach tabhartha |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| RA (Tuaisceart Éireann)[1] | VetPharma Animal Health S.L.<br>Les Corts 23,<br>08028 Barcelona,<br>Spain | Zorabel 25 mg/ml solution for use in drinking water for chickens and turkeys | Toltrazuril | 25 mg/ml | Tuaslagán le húsáid in uisce óil | Sicín, turcaí | Úsáid bhéil |

[1]Maidir leis an Ríocht Aontaithe, amhail ón 1 Eanáir 2021, tá feidhm ag dlí AE i gcríoch Thuaisceart Éireann (TÉ) amháin a mhéad a thuartar sa Phrótacal maidir le hÉirinn agus Tuaisceart Éireann.

## Iarscríbhinn II

## Conclúidí agus forais eolaíocha chun an achoimre ar shaintréithe an táirge a leasú

# Achoimre fhoriomlán ar an meastóireacht eolaíoch ar tháirgí íocshláinte tréidliachta ina bhfuil toltrazuril atá le tabhairt ó bhéal do shicíní (féach Iarscríbhinn I)

## 1. Réamhrá

Is frithchoicídeach é toltrazuril den ghrúpa triazinetrione agus tá sé gníomhach i gcoinne *Eimeria* spp. Úsáidtear táirgí íocshláinte tréidliachta ina bhfuil toltrazuril i sicíní, i measc speicis ainmhithe eile, chun coiciodóis a chóireáil, ar galar tromchúiseach é do shicíní, a dhéanann dochar do na sicíní óga go háirithe.

Níl táirgí íocshláinte tréidliachta ina bhfuil toltrazuril údaraithe lena n-úsáid i sicíní a tháirgeann uibheacha mar bhia don duine. Ach i gcásanna eisceachtúla, is féidir go n-ionfhabhtófar béarthóga óga le speiceas *Eimeria* ar leith. Mura bhfuil aon chóireáil mhalartach údaraithe ar fáil, féadfar toltrazuril a úsáid i mbéarthóga i gcomhréir le hAirteagal 113 de Rialachán (AE) 2019/6 (an "chascáid", mar a thugtar air) agus ní mór tréimhse éirí as 10 lá ar a laghad a chur i bhfeidhm i gcás uibheacha sna cásanna sin (i gcomhréir le hAirteagal 115 (1)(c) de Rialachán (AE) 2019/6).

In 2020, tuairiscíodh teagmhas in EudraVigilance Veterinary maidir le húsáid táirge toltrazuril san Ísiltír i mbéarthóga óga thart ar 20 seachtain d'aois chun ionfhabhtú le *Eimeria brunetti* as ar lean tinneas agus básmhaireacht a chóireáil. Cuireadh an dáileog mholta de 7 mg de toltrazuril in aghaidh an kg meáchan choirp in aghaidh an lae ar feadh 2 lá san uisce óil agus mhol an tréidlia freastail tréimhse éirí as 7 lá (i gcomhréir le hAirteagal 11 de Threoir 2001/82/CE, a bhí i bhfeidhm ag an am sin). Mar sin féin, d'iarr Aonad Cigireachta na hÍsiltíre seiceáil le haghaidh iarmhar (is é toltrazuril sulfone an t-iarmhar marcála, a dtugtar ponazuril air freisin) sula bhféadfadh uibheacha dul isteach sa bhiashlabhra. Léirigh na torthaí go bhféadfaí an t-iarmhar marcála a aithint i mbéarthóga a fuair cóireáil suas go dtí 96 lá tar éis na cóireála.

De bhrí go bhfanann toltrazuril in uibheacha ó éin chóireáilte go ceann i bhfad, mheas an Ísiltír go mb'fhéidir nár leor an tréimhse shrianta 4 seachtaine sular thosaigh an tréimhse breithe arís (mar a léirítear i bhfaisnéis táirge roinnt táirgí íocshláinte tréidliachta atá údaraithe in AE) chun comhlíonadh an UI molta a áirithiú agus go bhféadfadh sé a bheith ró-ghearr chun a áirithiú nach sáródh iarmhair i gciseán bia caighdeánach ina raibh uibheacha an iontógáil laethúil inghlactha, agus mar sin go bhféadfadh riosca a bheith ann don tomhaltóir.

I bhfianaise a bhfuil thuas, mheas an Ísiltír gur ghá an t-ábhar a tharchur chuig an gCoiste um Tháirgí Íocshláinte d'Úsáid Tréidliachta (an Coiste) ar mhaithe le sábháilteacht tomhaltóirí a chosaint in AE.

Dá bhrí sin, an 10 Nollaig 2021, thionscain an Ísiltír gnás faoi Airteagal 35 de Threoir 2001/82/CE, maidir le táirgí íocshláinte tréidliachta ina bhfuil toltrazuril atá le tabhairt ó bhéal do shicíní. Iarradh ar an gCoiste um Tháirgí Íocshláinte Tréidliachta athbhreithniú a dhéanamh ar na sonraí iarmhar go léir a bhí ar fáil agus tréimhse srianta chuí a mholadh roimh thús na tréimhse breithe nach mór na táirgí íocshláinte tréidliachta thuasluaite a úsáid i sicíní lena linn.

Cé nach raibh uasteorainn iarmhar (UI) le haghaidh toltrazuril in uibheacha sicín bunaithe go foirmiúil in AE ag tús an ghnáis atreoraithe seo, tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara, de bhun Airteagal 9(1)(b) de Rialachán (CE) Uimh 470/2009, gur chuir an Ísiltír iarratas faoi bhráid na Gníomhaireachta Leigheasra Eorpaí an 29 Meitheamh 2021 maidir le huasteorainneacha iarmhair do toltrazuril a leathnú

go huibheacha sicín. An 9 Nollaig 2021, d'eisigh an Coiste tuairim inar moladh go mbunófaí UI maidir le hiarmhar marcála toltrazuril sulfone de 140 µg/kg d'uibheacha éanlaithe clóis[2].

# 2. Plé na sonraí a bhí ar fáil

**Comhdhéanamh cáilíochtúil agus cainníochtúil**

Thug an Coiste dá aire go bhfuil comhdhéanamh comhchosúil ag táirgí íocshláinte tréidliachta lena mbaineann an gnás atreoraithe seo. Ós rud é go bhfuil na táirgí íocshláinte tréidliachta le húsáid ó bhéal agus go bhfuil gach cineálach údaraithe bithchoibhéiseach leis an táirge tagartha ("Baycox 25 mg/ml"; Sealbhóir an Údaraithe Margaíochta (MAH): Bayer Animal Health GmbH/Elanco Animal Health Inc.), mheas an Coiste nach bhfuiltear ag súil go mbeidh tionchar ag aon difríochtaí sa chomhdhéanamh ar an tréimhse srianta ar uibheacha.

Dá bhrí sin, mheas an Coiste gur féidir na sonraí iarmhair uile do na táirgí íocshláinte tréidliachta uile lena mbaineann a mheas le chéile chun tréimhse oiriúnach a chinneadh roimh thús na tréimhse breithe nár chóir na táirgí a úsáid lena linn. Dá bhrí sin, chinn an Coiste gur féidir toradh an mheasúnaithe maidir le sábháilteacht tomhaltóirí a chur i bhfeidhm ar na táirgí go léir lena mbaineann an gnás atreoraithe seo.

**Faisnéis a bhaineann le huibheacha mar a shonraítear i gcuid 4.11 (teimpléad QRD v8.2) den achoimre ar shaintréithe táirge do na táirgí íocshláinte tréidliachta éagsúla**

Thug an Coiste dá aire go raibh ráitis san achoimre ar shaintréithe an táirge (SPC) i bhformhór na dtáirgí íocshláinte tréidliachta lena mbaineann an tarchur seo inar soiléiríodh nach bhfuil siad údaraithe lena n-úsáid in éin bhreithe. Ina theannta sin, thug roinnt SPCanna le fios nár cheart an táirge íocshláinte tréidliachta a úsáid laistigh de 4 seachtaine de thús na tréimhse breithe. Thug an Coiste dá aire, áfach, nár cuireadh aon eolas ar fáil i dtaobh conas a cinneadh fad na tréimhse srianta sin.

**Sonraí iarmhar**

Níor chuir na MAHanna aon sonraí dílsithe ar fáil maidir le cinéitic iarmhar toltrazuril in uibheacha sicín tar éis tabhairt ó bhéal. Mar sin féin, cuireadh litríocht fhoilsithe (trí fhoilseachán ó irisí eolaíocha a chuir roinnt MAHanna a raibh údar imní acu faoin tarchur seo ar fáil) ar fáil don Choiste: Mulder *et al*., 2005[3]; Varenina *et al.,* 2012[4]; Pietruk *et al*., 2021[5]. Ina theannta sin, chuir an tSaotharlann Tagartha Eorpach d'iarmhair i mBeirlín staidéar neamhfhoilsithe ar ídiú iarmhar ar fáil[6] agus fuarthas roinnt sonraí iarmhar ó EudraVigilance Veterinary in 2020.

Chlúdaigh na sonraí raonta éagsúla d'amanna samplála ach ní raibh raon ábhartha d'amanna samplála ach amháin[6] i dtuarascáil Theicniúil EURL, ós rud é gurbh é an t-aon staidéar inar cuireadh cóireáil ar shicíní thart ar 4 seachtaine roimh thús na tréimhse breithe. Tá an t-am cóireála seo níos ábhartha i gcomparáid leis na staidéir eile inar úsáideadh éin bhreithe, toisc gur lean sé an tréimhse shrianta a shonraítear i bhfaisnéis táirge roinnt táirgí íocshláinte tréidliachta atá údaraithe in AE (i.e. 4 seachtaine roimh thús na tréimhse breithe), arb ionann é agus raon feidhme an ghnáis atreoraithe seo. Dá bhrí

---

[2] EMA. Summary of opinion on the extension of maximum residue limits for toltrazuril to chicken eggs (EMA/CVMP/709072/2021) – link
[3] Mulder P.P.J., *et al.* (2005). Deposition and depletion of the coccidiostats toltrazuril and halofuginone in eggs. Analytica chimica acta, 529(1-2), 331-337.
[4] Varenina I., *et al.* (2012). Deposition of toltrazuril residues in eggs during and after treatment with dose over the therapeutic dose. [Conference poster]. Board of the EuroResidue Conferences Foundation. Residues of veterinary drugs in food. Proceedings of the EuroResidue VII Conference, Egmond aan Zee, The Netherlands, 14-16 May 2012. Volume 1, 2 and 3 pp. 533-538.
[5] Pietruk K., *et al.* (2021) . Risk of residues of toltrazuril sulfone in eggs after oral administration – could setting maximum residue limit be helpful?. Food chemistry, 360, 130054.
[6] Technical Report 2019/2020 of the EURL for residues (EURL Berlin, 2020)

sin, mheas an Coiste gurb é staidéar EURL[6] an staidéar ríthábhachtach chun an tréimhse shrianta a chinneadh roimh thús na tréimhse breithe nár chóir cóireáil a chur ar éin lena linn.

I staidéar EURL[6], tugadh an táirge íocshláinte tréidliachta "Toltra K" san uisce óil ag dáileog 7 mg de toltrazuril in aghaidh an kg meáchan coirp in aghaidh an lae ar feadh 2 lá do dheich gcearc shláintiúla dhonna breithe (15 seachtain d'aois, meáchan coirp 1.04-1.22 kg). Bailíodh uibheacha go laethúil ar feadh thart ar 5 seachtaine ó thús na tréimhse breithe agus rinneadh anailís orthu le haghaidh tiúchan an iarmhair mharcála toltrazuril sulfone trí úsáid a bhaint as crómatagrafaíocht leachta in éineacht le modh braite mais-speictriméadrachta sraithe (LC-MS/MS) le teorainn chinnidh (CCα) de 4.42 µg/kg do toltrazuril sulfone, 6.47 µg/kg do toltrazuril agus 0.49 µg/kg do toltrazuril sulfoxide.

Fuarthas iarmhair toltrazuril sulfone in uibheacha suas le 8 seachtaine tar éis na cóireála. Laghdaigh na tiúchain iarmhair aonair ó 167.49 µg de toltrazuril sulfone in aghaidh an kg ag lá 27 tar éis na cóireála, go dtí faoi bhun CCα (4.42 µg de toltrazuril sulfone in aghaidh an kg) ag lá 55 tar éis na cóireála. Bhí na tiúchain iarmhair de toltrazuril agus de toltrazuril sulfoxide faoi bhun a CCα faoi seach ag gach pointe ama.

Bhí na leibhéil iarmhair toltrazuril sulfone faoi bhun an luach UI a mholann an Coiste le haghaidh uibheacha (*i.e.*140 µg/kg) ag lá 28 tar éis na cóireála. Ní raibh ach sampla amháin os cionn an UI molta, a d'fhreagair don chéad ubh a bailíodh (ar lá 27 lá tar éis na cóireála) agus ba é an tiúchan ná 167.49 µg de toltrazuril sulfone in aghaidh an kg. Ar na chéad phointí ama samplála ní raibh ach ubh amháin in aghaidh an lae ar fáil (níor thosaigh gach éan ag breith ag an am céanna) agus ó na pointí ama níos déanaí, tá éagsúlacht mhór i dtiúchan na n-iarmhar a bhí le cur san áireamh. Léirigh aischéimniú log-líneach go n-idircheapann an líne aischéimnithigh an UI molta ag 30 lá agus go sroicheann an teorainn fulaingthe 95/95 an UI molta ag 38 lá.

Mheas an Coiste gurb é an "modh SCPM" an cur chuige staidrimh is oiriúnaí, ar modh é a úsáidtear chun an tréimhse éirí as le haghaidh bainne a chinneadh (EMEA/CVMP/473/98-FINAL)[7] ina gcuirtear an teorainn fulaingthe 95/95 do gach pointe ama i gcomparáid leis an UI. Maidir leis an modh seo, ní gá go mbeadh a fhios cé na huibheacha a rug cé acu cearc agus glactar leis go mbeidh modh dáileadh gnáth-loga ann i gcás na n-iarmhar ag gach pointe ama.

De réir na hanailíse sin, 41 lá a bheadh sa tréimhse srianta idir tabhairt na cóireála agus tús na tréimhse breithe, rud atá ag teacht freisin le togra na MAHanna a mhol an tréimhse srianta a shocrú ag 6 seachtaine, bunaithe ar na sonraí ó Pietruk *et al*. (2021) [5]ina mbeadh an teorainn fulaingthe 95/95 idir 35-40 lá freisin. Thug an Coiste dá aire freisin go bhfuil sonraí Tréidliachta EudraVigilance ag teacht leis an togra seo ós rud é go raibh na hiarmhair faoi bhun an UI molta ó lá 39 ar aghaidh tar éis na cóireála.

Tríd is tríd, ó na tacair sonraí iarmhar, mheas an Coiste nach leor an tréimhse srianta de 4 seachtaine roimh thús na tréimhse breithe chun sábháilteacht an tomhaltóra a áirithiú de réir luach UI molta an Choiste d'uibheacha éanlaithe clóis (140 µg/kg). Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara, cé nach raibh an UI seo glactha go foirmiúil go fóill ag an am a cuireadh an gnás atreoraithe seo i gcrích agus nach bhfuil sé áirithe i dTábla 1 den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 37/2010, ní athraíonn sé seasamh an Choiste gur dóigh leis gur léiríonn sé leibhéal iarmhair atá sábháilte, ó thaobh cosaint tomhaltóirí de. Toisc go mbreathnaítear ar an UI molta mar luach sábháilte, úsáideadh é mar phointe tagartha sa ghnás atreoraithe seo chun eatramh ama cuí a dhíorthú idir tabhairt na cóireála agus tosú na tréimhse breithe.

Dá bhrí sin, mheas an Coiste go gcinnteodh tréimhse srianta 6 seachtaine roimh thús na tréimhse breithe, nár chóir cóireáil a chur ar éin lena linn, go mbeadh iarmhair an mharcálaí iarmhair toltrazuril sulfone in uibheacha faoi bhun an UI molta de 140 µg/kg ón am a thosaigh na héin ag breith, agus

[7] CVMP Note for guidance for the determination of withdrawal periods for milk (EMEA/CVMP/473/98-FINAL) - link

mar sin, meastar gur leor é chun tomhaltóirí a chosaint. Mar sin, meas an Coiste gur chóir an fhaisnéis táirge do gach táirge íocshláinte tréidliachta i dtrácht a leasú dá réir chun an toradh seo a léiriú.

# 3. Measúnú ar thairbhe-rioscaí

**Réamhrá**

Iarradh ar an gCoiste athbhreithniú a dhéanamh ar na sonraí iarmhar go léir atá ar fáil in uibheacha sicín do na táirgí íocshláinte tréidliachta ina bhfuil toltrazuril atá le tabhairt ó bhéal do sicíní agus tréimhse srianta iomchuí a mholadh roimh thús na tréimhse breithe, agus níor cheart cóireáil a chur ar shicíní leis na táirgí íocshláinte tréidliachta thuasluaite lena linn.

**Measúnú tairbhe**

Cé nach ndearnadh measúnú sonrach ar éifeachtúlacht na dtáirgí íocshláinte tréidliachta lena mbaineann i sicíní mar chuid den ghnás atreoraithe seo, meastar go bhfuil na táirgí atá á measúnú éifeachtach i sicíní chun cóireáil a dhéanamh ar coiciodóis, ar galar tromchúiseach é, a bhuaileann sicíní óga go háirithe.

**Measúnú riosca**

Níl measúnú déanta sa ghnás atreoraithe seo ar cháilíocht, ar shábháilteacht ainmhithe sprice, ar shábháilteacht úsáideoirí ná ar an mbaol comhshaoil do na táirgí íocshláinte tréidliachta lena mbaineann. Ina theannta sin, i gcás táirgí cineálacha, ní dhearnadh meastóireacht ar bhithchoibhéis, toisc go ndearnadh é seo cheana laistigh de na gnásanna údaraithe margaíochta faoi seach.

Rinne an Coiste meastóireacht ar toltrazuril roimhe seo chun uasteorainneacha iarmhar (UInna) a bhunú. [2]An 9 Nollaig 2021, ghlac an Coiste tuairim inar moladh go leathnófaí UInna le haghaidh toltrazuril chuig uibheacha sicín. Ina theannta sin, ag tagairt d’Airteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 470/2009 agus i gcomhréir leis na critéir atá leagtha síos i Rialachán (AE) 2017/880 ón gCoimisiún, d’aontaigh an Coiste na conclúidí a eachtarshuíomh maidir le huibheacha éanlaithe clóis (an UI a mholann an Coiste do toltrazuril in uibheacha éanlaithe clóis: 140 μg/kg).

Tarlaíonn coiciodóis den chuid is mó i sicíní óga (go minic idir 4-6 seachtaine d’aois), ach d’fhéadfadh sé tarlú uaireanta ag aois beagán níos déanaí. Toisc go bhfuil leathré díothaithe sách fada ag toltrazuril sulfone, an príomh-mheitibilít, is féidir iarmhair an mheitibilít seo a eisfhearadh in uibheacha, fiú má tugadh an chóireáil ag pointe ama roimh thús na tréimhse breithe. Dá bhrí sin, faoi láthair tá tréimhse srianta 4 seachtaine roimh thús na tréimhse breithe nár chóir cóireáil a chur ar éin lena linn san áireamh san fhaisnéis táirgí i gcás roinnt táirgí íocshláinte tréidliachta a mbaineann an gnás atreoraithe seo leo.

Mar sin féin, aithníodh riosca maidir le fad na tréimhse srianta údaraithe thuasluaite i gcás sicíní. Tugadh le fios san fhaisnéis a bhí ar fáil go bhféadfadh sé a bheith neamhleor chun ligean d’iarmhair in uibheacha titim faoi bhun an IU molta (i.e. 140 μg/kg), rud a bheadh ina riosca do thomhaltóirí.

**Bainistíocht riosca nó bearta maolaithe**

Ba chóir a thabhairt faoi deara nach bhfuil na hiarmhair in uibheacha ó turcaithe laistigh de raon feidhme an atreoraithe seo agus mar sin, nach bhfuil measúnú déanta orthu laistigh den ghnás seo.

Ar bhonn sonraí maidir le hiarmhair i sicíní, díorthaíodh tréimhse srianta 6 seachtaine roimh thús na tréimhse breithe, nár chóir cóireáil a chur ar éin lena linn, i gcás gach táirge íocshláinte tréidliachta lena mbaineann an gnás atreoraithe seo. Áirithítear leis an tréimhse seo go mbíonn iarmhair an mharcálaí iarmhair toltrazuril sulfone in uibheacha faoi bhun UI molta 140 μg/kg an Choiste ón am a dtosaíonn na héin ag breith, agus mar sin, meastar gur leor é chun sábháilteacht tomhaltóirí a áirithiú.

**Meastóireacht agus conclúidí ar an gcothromaíocht tairbhe-riosca**

Tar éis dó na forais leis an ngnás atreoraithe seo agus na sonraí a bhí ar fáil a mheas, ba é an tátal a bhain an Coiste as gur cheart an tréimhse srianta roimh thús na tréimhse breithe, ar lena linn nár cheart cóireáil ó bhéal a chur ar shicíní i bhfoirm táirgí íocshláinte tréidliachta ina bhfuil toltrazuril, a leasú mar a mholtar.

Tá an chothromaíocht tairbhe-riosca foriomlán do na táirgí íocshláinte tréidliachta ina bhfuil toltrazuril atá le tabhairt ó bhéal do shicíní fós dearfach, faoi réir na n-athruithe molta ar an bhfaisnéis táirge.

# Na forais le leasú a dhéanamh ar an achoimre ar shaintréithe an táirge, ar an lipéadú agus ar an mbileog pacáiste

De bhrí

- ar bhonn na sonraí a bhí ar fáil faoi ídiú na n-iarmhar, mheas an Coiste gur cheart an tréimhse srianta roimh thús na tréimhse breithe ar lena linn nár chóir táirgí íocshláinte tréidliachta ina bhfuil toltrazuril a thabhairt ó bhéal do shicíní a leasú chun sábháilteacht an tomhaltóra a chinntiú;
- mheas an Coiste go bhfuil an chothromaíocht tairbhe-riosca foriomlán do na táirgí faoin ngnás dearfach seo i gcónaí faoi réir leasuithe ar an bhfaisnéis táirge

tá sé molta ag an gCoiste leasú a dhéanamh ar na húdaruithe margaíochta do tháirgí íocshláinte tréidliachta ina bhfuil toltrazuril atá le tabhairt ó bhéal do shicíní mar a thagraítear in Iarscríbhinn I dá bhfuil an achoimre ar shaintréithe an táirge, an lipéadú agus an bhileog phacáiste leagtha amach in Iarscríbhinn III.

# Iarscríbhinn III

# Na leasuithe sna ranna ábhartha den Achoimre ar thréithe táirge, lipéadú agus bileog pacáiste

## Achoimre ar thréithe táirge

**4.11 Tréimhse/tréimhsí éirí as** (teimpléad QRD v8.2) **/ 3.12 Tréimhsí éirí as** (Teimpléad QRD v9.0)

…

Ná húsáid le héin atá ag táirgeadh uibheacha, nó atá ceaptha chun uibheacha a tháirgeadh, lena gcaitheamh ag an duine. Ná húsáid laistigh de 6 seachtaine roimh thús na tréimhse breithe.

## Lipéadú

| |
|---|
| **8. TRÉIMHSE/TRÉIMHSÍ ÉIRÍ AS** (Teimpléad QRD v8.2) **/ 7. TRÉIMHSE/TRÉIMHSÍ ÉIRÍ AS** (Teimpléad QRD v9.0) |

…

Ná húsáid le héin atá ag táirgeadh uibheacha, nó atá ceaptha chun uibheacha a tháirgeadh, lena gcaitheamh ag an duine. Ná húsáid laistigh de 6 seachtaine roimh thús na tréimhse breithe.

## An bhileog pacáiste

**10. TRÉIMHSE/TRÉIMHSÍ ÉIRÍ AS** (Teimpléad QRD v8.2) **/ 10. Tréimhsí éirí as** (Teimpléad QRD v9.0)

…

Ná húsáid le héin atá ag táirgeadh uibheacha, nó atá ceaptha chun uibheacha a tháirgeadh, lena gcaitheamh ag an duine. Ná húsáid laistigh de 6 seachtaine roimh thús na tréimhse breithe.